I measc samplaí de shaincheisteanna sláinte sóisialta agus poiblí tá litir ó Bhrainse Chontae Lú de Chumann na dTionóntaí Díshealbhaithe ag iarraidh ar CCT Bhaile Átha Fhirdhia suíomh do theachín beartaithe d'oibrí a athrú i mí Iúil 1912; díghalrú tithe; uisce glan agus caidéil uisce a thógáil; an ganntanas bainne atá faoi bhagairt sa tír, agus Scéim Mháithreachais agus Leasa Leanaí beartaithe i 1917; agus bearta a ghlac CCT Bhaile Átha Fhirdhia i mí na Nollag 1918 chun scaipeadh galar cosúil le tíofas a chosc.



71

Ardee No. 1 Rural District.

MINUTES of Proceedings of the above Rural District Council, at a Meeting held at the Board Room, Union Workhouse, Ardee, on TUESDAY, the 5th day of November 1918, at 10.30 o'clock, a.m.

(Number of Members on Council 25)

(No. present at Meeting 9)

MEMBERS PRESENT—In the Chair— John C. Kieran, Esqe

Other Members— M. Campbell, A. Malone, E. J. Carraher, James F. Halpenny, J. McCabe, R. Stokes, J. Larney, and P. McKeever, Esqs.

Adjourned Quarterly Meeting.

GENERAL PROCEEDINGS.

The following Letters from the Local Government Board for Ireland, and others, were read by the Clerk, and directions were given thereon, respectively, as hereunder stated:—

Resolved — That all payments to Contractors for maintenance of roads as recommended by the County Surveyor in his Return in Form 22, submitted this day be approved.

Resolved — That the three following members of the Council be named as delegates to a Nationalist Convention to be held at Dundalk on the 18th instant to select —

Mír athfhillteach ar chláir oibre na gcomhairlí ab ea éilimh ó lucht saothair. D'iarr litir ó Chonradh Talún agus Saothair Lú i mí Lúnasa 1917 ar CCT Bhaile Átha Fhirdhia sciar cothrom den talamh a bhí ar fáil a fháil do na hoibrithe agus an leath acra breise do theachíní oibrithe a leathnú go Contae Lú. D'iarr Coiste Feidhmiúcháin an Chonartha ar an CCT deireadh a chur leis an gcóras conartha le haghaidh cothabháil bóithre agus saothair dhíreach a chur ina ionad *'chun fostaíocht a thabhairt agus chun díbirt lucht oibre ón tír seo a stopadh'* (Feabhra 1918, RDC/ARD/MB/001/014, lch226). D'iarr Aontas Oibrithe Iompair na hÉireann freisin ar CCT Dhroichead Átha a mholadh don Chomhairle Contae *'oibríochtaí saothair díreacha a leathnú ar mhaithe le daoine dífhostaithe…'* (04 Fea 1922, RDC/DRO/MB/003/002, lch126). Rinne CCT Dhroichead Átha agóid roimhe seo i gcoinne an íosráta pá a shocraigh an Bord Pá *'mar go mbeidh sé d'éifeacht aige curaíocht a laghdú … agus dá bhrí sin dífhostú go leor oibrithe talmhaíochta ar thalamh a shaothraíonn lucht saothair fruilithe agus go speisialta oibrithe os cionn 50 bliain d'aois'* (09 Deireadh Fómhair 1917, RDC/DRO/MB/001/008, lch222).

Rinne CCT Dhún Dealgan cúram den trádáil agus den tráchtáil, leis. Rith CCT Dhún Dealgan *'… agóid láidir fhollasach i gcoinne an chorantín 12 uair an chloig d'eallach Éireannach atá beartaithe ag calafoirt Shasana á chur ina luí go ndéanfadh coraintín den sórt sin díobháil thromchúiseach do thrádáil eallaí na hÉireann agus go cinnte go ndéanfaí í a dhíothú go hiomlán'* (Ean 1913, RDC/DLK/MB/001/011, lch282) agus rinne CCT Dhroichead Átha agóid go mbeadh sé … *… neamhriachtanach agus éagórach don tír seo…'* (Ean 1913, RDC/DRO/MB/001/007, lch146). D'iarr CCT Bhaile Átha Fhirdhia ar Fheisirí Parlaiminte Chontae Lú fiosrúchán rialtais a éileamh maidir le méid na díobhála d'iascairí áitiúla de bharr iascaireacht líonta fáinne ó mhótarbháid i mBealtaine 1916 agus rinne siad agóid i gcoinne onnmhairiú prátaí as Éirinn i mí na Samhna 1916. Mhol CCT Dhroichead Átha praghas seasta trí bliana ar ghráin agus ar phrátaí i mí Eanáir 1917 agus rinne siad agóid i gcoinne leathnú na nAchtanna *'Am Samhraidh' agus 'Am Greenwich'* go hÉirinn *'agus a fhios acu go raibh an dá rud le chéile mar bhac tromchúiseach agus contúirt do shábháil na mbarr féir agus gráin … '* (13 Mar 1917, RDC/DRO/MB/001/008, lch101) agus i mí Iúil

1923, rith siad *'go ndíreofaí aird an Aire Iascaigh ar an ngá práinneach atá leis an tionscal leasú scadán ag Ceann Chlochair a atheagrú, tar éis é a bheith curtha ar fionraí le linn an Chogaidh Mhóir. Roimh 1914 d'aithin an Roinn Talmhaíochta sárchaighdeán na scadán leasaithe as Ceann Chlochair trí Bhranda Rialtais speisialta a dheonú dó.' Tá na hoibrithe sároilte agus an gléasra ar fáil i gcónaí'* (14 Jul 1923, RDC/DRO/MB/001/010, lch332).



Chomh maith leis na mionleabhair, tá taifid airgeadais éagsúla, dialanna an chléireach (Baile Átha Fhirdhia) agus na bhfo-oifigeach sláintíochta (Baile Átha Fhirdhia agus Dún Dealgan), mórleabhair maidir le tógáil teachíní, leabhair tuairisce agus leabhair bhailiúcháin na mbailitheoirí cíosa, agus taifid i ndáil le hoibreacha poiblí agus conarthaí. Tríd is tríd tá an bailiúchán beag agus neamhiomlán le bearnaí sa tsraith taifead.

Tá innéacsanna do chéad leabhair miontuairiscí Dhún Dealgan agus Dhroichead Átha le fáil ar ár suíomh Gréasáin.



ARDEE POOR LAW UNION AND DISTRICT COUNCILS.

OFFICES, WORKHOUSE, ARDEE, JUL 10 1915 191

Dear Sir – The Labourers Cottage at Drakestown is now completed. If you wish to become tenant please send me an application early on Tuesday morning.

Yrs faithfully

T. B. DROMGOOLE,

Clerk of the Union and District Councils.

Gluais Téarmaí:

ADM/ Administration

ENG/ Engineering

F/ Freedom Rolls

FIN/ Finance

HPA/ Health & Public Assistance

HSG/ Housing

MB/ Minute Books

MGT/ Management

PLA/ Planning

RB/ Rate Books

VB/ Valuation Books

WA/ Workhouse Administration

WI/ Workhouse Infirmary

WR/ Workhouse Relief

Páipéir Phríobháideacha

Is spéis le Cartlann Contae Lú taifid a fháil a bhaineann le gné ar bith d'fhorbairt Chontae Lú. Páipéir ó eagraíochtaí áitiúla, clubanna, cumainn, daoine aonair, scoileanna náisiúnta, nó gnóthais atá i gceist. Má tá bailiúchán agat a mbeifeá sásta a bhronnadh orainn, seol riomhphost chugainn ag archive@louthcoco.ie nó glaoigh orainn ag 042-9324358.

PP00001/ Páipéir de chuid Filgate as Lios Raithní

PP00001/004/011/001: San áireamh tá dialann ghearr ón 18 Eanáir 1918-22 Feabhra 1918 de chuid saighdiúir a bhí ar fianas sa Fhrainc le linn an Chogaidh. Níl aon dabht ach gur dialann Richard Alexander Bailie Henry (1877-1967), Filgate as Ráth Nístin, Baile Átha Fhirdhia ina dhiaidh sin, atá ann mar tá tagairtí ann do chuairt a thabhairt ar Rouen, bord leighis a mheas nach raibh sé oiriúnach do sheirbhís sna linte tosaigh, cead á lorg chun a choimisiún a scor (rud a deonaíodh do Henry i mí an Mhárta) agus a bheith i gceannas ar Chompántas Príosúnach Cogaidh. Bhí Henry ina Chaptaen ar Chapall na hÉireann Thuaidh (Cúltaca Speisialta). Bhí sé pósta ar Eileen Georgina Filgate as Lios Ráithín, iníon le William de Salis Filgate.


18/1/18 Went before a Medical Board to day & was passed unfit, so will very probably be sent home. This is a beastly unhealthy camp as have been ill ever since I came here.

19/1/18 Jack Filgate dined with me last night. Office work all day.

20/1/18 Office all day went into Rouen in the evening.

21/1/18 Spent the day playing golf with Eccles a very nice course and had a very pleasant day.

22/1/18 Office all day

23/1/18 Office in morning. walked into Rouen in afternoon & looked up Jack & had tea with him.

PP00011/ Bailiúchán Phríosún Dhún Dealgan

Bailiúchán eicléictiúil earraí a bhaineann le Príosún Dhún Dealgan. San áireamh tá:

- Cóip-litir agus grianghraf de Bernard O'Rourke, polaiteoir, a chaith seal i bPríosún Dhún Dealgan i 1916.
- Cóip-micreascannáin de chlár Phríosún Dhún Dealgan (an chóip bhunaidh sa Chartlann Náisiúnta), 1917-1931
- Athscríbhinn leictreonach de phríosúnaigh a d'éalaigh as Príosún Dhún Dealgan ar an 27 Iúil 1922, athscríbhinn de phríosúnaigh a tarrtháladh ar an 14 Lúnasa 1922 agus athscríbhinn de phríosúnaigh ó Mheitheamh 1917 go Lúnasa 1920, arna dtiomsú ag saorálaithe ó chóip-chlár an phríosúin agus ar fáil ar an leathanach gréasán 'Bailiúcháin Chartlainne' Chartlann Contae Lú.
- Leabhar síniúchán ina bhfuil tráchtanna agus sínithe breis is caoga a ceathair príosúnach Poblachtach a cuireadh faoi phianbhreith i bPríosún Dhún Dealgan i rith 1918, arna thiomsú ag Packie Flynn, Sráid na Cé, Dún Dealgan, 1918
- Litir ó Esmay Young, Plás Roden chuig a hiníon Jeannie Mahony, Droichead Átha ag tabhairt mionsonraí ar imeachtaí i nDún Dealgan le linn an Chogaidh Chathartha lena n-áirítear na Neamhrialtaigh a bheith ag scaoileadh leo ón Century Tower i mbéal dorais a siopa tobac. Labhraíonn sí faoi theacht thrúpaí an

tSaorstáit, staid na sráideanna i nDún Dealgan tar éis na troda, agus oibrithe iarnróid agus grúdlainne á gcur i bPríosún Dhún Dealgan go dtí go n-aithneofaí iad, 18 Lúnasa 1922

- Cóip-litreacha chuig Joseph McKenna, Oifigeach i Rannán an Tuaiscirt 4, agus é i bpríosún i bPríosún Dhún Dealgan, 1922-1924
- Plean Phríosún Dhún Dealgan lena n-áirítear plean urláir agus tailte le Jeremiagh J Hayes, maor na gceardaithe, [1914-1920idí]



PP00012/ Páipéir Theaghlaigh de chuid Caraher as Baile an Chairdinigh

Doiciméid dhlíthiúla a bhaineann le hidirbhearta talún a raibh baint ag teaghlach Caraher leo, an 19ú haois den chuid is mó. San áireamh tá cóip-tíolacadh de Theach agus tailte Bhaile Anraí, Baile Átha Fhirdhia, 1912; fógra foriarratais maidir le heastát Richard Sidney Guinness, 1913; cóip de rialuithe teidil agus cóip de dheimhniú talún, 1917; cóip-aistriú morgáiste, 1917

PP00021/ Cáipéisí Dlí Dhún Dealgan I

Le haistriú agus léasú foirgneamh agus talún i limistéar Dhún Dealgan, an 19ú haois den chuid is mó, a bhaineann na gníomhais dhlíthiúla go príomha. I measc na samplaí tá dintiúr de chuid an Great Northern Brewery Company chun teach tábhairne a léasú ag 27 Sráid na Páirce, 1915; agus dintiúr maidir le Teach Mhuire ar Bhóthar Mhuire a bheith á cheannach ag Joseph agus Anna Siraux, 1919.

PP00022 Litreacha de chuid Choiste Earcaíochta Chontae Lú

Ciorclán a eisíodh ó Choiste Earcaíochta Chontae Lú chuig fostóirí i nDún Dealgan maidir le hearcú fostaithe isteach i Reisimintí Éireannacha a bhí ag troid sa Chogadh Mór san Eoraip an uair sin. Tagraíonn sé do ghníomhartha Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann maidir le cosc a chur le leathadh an choinscríofa go hÉirinn, rud a spreag iarratais chun liostáil go deonach sa chogadh, 19 Eanáir 1916



PP22/1 (i)

DUNDALK,
January 19th, 1916.

DEAR SIR,

At a General Meeting of Employers, held at the Town Hall, on Friday last, it was decided at Lord Wimborne's request, to ask the Employers of Dundalk to approach their Employees of military age, and impress upon them the necessity of securing more men to fill up the gaps in the Irish Regiments.

We have pleasure, therefore, in handing you copy of Circular which it is proposed should be distributed by all Employers in the Town on February 1st.

Kindly inform us on or before the 22nd if you will hand a copy to each of your Employees of miltary age, and also say how many copies you require.

Yours truly,

T. C. MACARDLE, *Chairman,*
Co. Louth Recruiting Committee.
H. C. BACKHOUSE.
S. J. COCKS.

N.B.—Replies to be addressed to
S. J. COCKS, *Steam Packet Co.*

PP00035/ Dintiúir de chuid Samuel Lockington and Company (ceannaí guail)

Comhfhreagras maidir le traenáil a mhéadú i nDún Dealgan le linn an chogaidh, Meitheamh 1918; agus comhaontú maidir le tionóntacht talún in An Grianfort, Deireadh Fómhair 1920.

PP00036/ Páipéir de chuid Kirwan Bhaile an Chaisleáin

Admhálacha íocaíochta agus comhfhreagrais ó Patrick Kirwan, Londain, *(mac le Maria Byrne agus William Kirwan)* chuig a ghníomhaire, William Tempest, a bhaineann le bainistíocht eastát Kirwan (Byrne) i mBaile an Chaisleáin, 1909-1918. Páipéir ina bpléitear go príomha le bailiú cíosa le

go leor tagairtí ócáideacha don staid pholaitiúil in Éirinn agus i Sasana, lena n-áirítear:

- 25 Meitheamh 1917: 'an dóigh leat go mbeidh todhchaí ag Éirinn? Dá gceapfainn go mbeadh, rachainn ar ais. Ní fheicim mórán dóchais fágtha sa tír seo. Ach tá rudaí chomh neamhchinnte go bhfuil sé an-deacair breithiúnas a thabhairt.'
- 29 Samhain 1917: tagraíonn sé don bhochtaineacht aimsir an chogaidh i Sasana agus do 'riail na droinge' a bheith i réim in Éirinn.
- 22 Samh 1918: 'I mí Mheán Fómhair chuala mé gur maraíodh mo bhuachaill, gan é ach naoi mbliana déag d'aois, sa Fhrainc'.



PP36/1/4 (6)

November 29th 1917.

My dear Mr Tempest,

Once more I lift the wail of the poverty stricken inhabitant of England in war time and ask you if you could kindly ask Mr Lennon for his rent for Castletown. I would not worry him for it but that I find myself so hard pressed here and I know that in Ireland you are all so rich.

I do hope that you are keeping well through all this time of trouble. I hear reports from Ireland now and again. Most of them come to me from soldiers who have been there. There is a strong feeling here of friendliness towards Ireland if the extremists would only give it a chance. But unfortunately there seems to be such a quantity of mob rule in the country now that it has become impossible for people who are not of the peasant class to live there in comfort.

I am just now collaborating in a book with my friend Alfred Perceval Graves (Father O'Flyn) and both of us have a thirst to return but fear it will be made impossible. Let us hope against hope that the Convention may do something.

Yours very truly

Patrick Kirwan.

Sent Nov 30. 1917
cheque £6-0-6
+ statement
wrote for receipt Dec 15.17

PP00048/ Páipéir de chuid Eastwood

Cáipéisí dlí a bhaineann le baill de theaghlach Eastwood, as Baile an Chaisleáin, Dún Dealgan, cóip-phrobháidí agus uachtanna den chuid is mó. San áireamh tá cóip d'Uacht Major William Eastwood, 6 Cathlán Raidhfilí Ríoga na hÉireann, a maraíodh idir an 6 agus an 12 Lúnasa 1915 i Gallipoli.

PP00054/ Cáipéisí Dlí Dhún Dealgan III

Cáipéisí dlí a bhaineann le cásanna réadmhaoine agus dlí shibhialta. Áirítear orthu roinnt míreanna ó 1912-1923.

PP00056/ Páipéir Johnston as Lios Dubh

Doiciméid dhlíthiúla, comhfhreagras agus admhálacha a bhaineann le teaghlach Johnston as Lios Dubh, Dún Dealgan, le líon beag earraí ó 1912-1923 lena n-áirítear litir ó Arthur Johnston chuig Rúnaí na hAireachta Cosanta maidir le hairm tine a bhí tugtha isteach aige cheana a thabhairt ar ais, 21 Bealtaine 1923

P/00057 Cumann Seó Dhún Dealgan

Cuntais agus roinnt comhfhreagrais ó 1912-1918 ó Chumann Seó Dhún Dealgan a d'eagraigh an seó talmhaíochta agus tionsclaíoch.



FROM—
The Secretary,
IRISH PEASANTRY SOCIETY,
61, STAMFORD STREET,
LONDON, S.E.

In reply please quote No. 47.

To The Hon. Secretary.
Dundalk, Agricul. & Indus. Show. Society.

March 17th. 1915.

Dear Sir or Madam,

My Committee have decided to give a fixed grant of £16 to your Society for the year 1915 subject to Cottage and Garden classes or a Show being held and on the distinct understanding that the expenditure of the money shall be confined to Cottagers or peasants as defined, viz:-

"A Cottager or peasant is a person whose only means of subsistance is a weekly wage (not exceeding £1 per week) and, or a handicraft or home industry, and the area of whose holding, (if any) does not exceed one statute acre, the Poor Law Valuation of which does not exceed £5."

Owing to circumstances having prevented a decision being arrived at earlier in the year, it has been decided to waive the rule with regard to acknowledgment in Schedule and Catalogue.

If you will sign and return the enclosed form as soon as possible a cheque for the amount will be sent about the end of July.

Yours faithfully,

Secretary.

PP00059/ Páipéir Bhaile Átha Fhirdhia

Páipéir dhlíthiúla agus chorparáideacha a bhaineann le Baile Átha Fhirdhia, lena n-áirítear: sonraí díola trí cheant maidir le feirm i mBaile an Drácaigh ina raibh 363 acra, 1918, agus maidir le díol seacht bhfeirm ag Smearamair lena n-áirítear léarscáil d'eastát Taaffe ina raibh na lotaí, 1920



PARTICULARS AND CONDITIONS OF SALE

OF

Fee Farm Property

AT

Drakestown, Co. Louth,

TO BE SOLD BY PUBLIC AUCTION

On TUESDAY, the 8th JANUARY, 1918, at 1 p.m.

IN THE COURT HOUSE, ARDEE.

ALL THAT AND THOSE that superior Farm of land situated at Drakestown, Barony of Ardee, and County of Louth, containing 363 acres, 3 roods, 5 perches Statute Measure (or thereabouts) with the Residence and Out-offices thereon.

TENURE AND DESCRIPTIVE PARTICULARS.

The property is held under Fee Farm Grant dated the 30th day of October, 1858, at the yearly Fee Farm Rent of £76 0s. 8*d*., now adjusted to £74 17*s*. 8*d*.

The Grant describes the lands thereby assured as ALL THAT AND THOSE the lands of Drakestown containing by estimation 207 acres 1 rood and 31 perches Irish Plantation Measure be the same more or less, bounded on the West by the lands of Smarmore, on the East and North by the lands of Kilpatrick, and on the South by the lands of Belpatrick, situate in the Barony of Atherdee and County of Louth. The Grant contains a covenant by the Grantee, that it shall be lawful for the Grantor his heirs and assigns his and their servants with horses and carriages to bore, dig, and search for mines, minerals, coals, etc., on any part of the premises except houses and gardens allowing to the Grantee reasonable satisfaction for any damage done; and also a declaration that all turf marl limestone or limestone gravel should be for the sole use and advantage and improvement of the premises under the penalty of one shilling for every cartload thereof that should be thereafter carried off the premises for the use of any other land whatsoever; and that the Grantor should have power to distrain for the same as for rent and arrears.

The lands are subject, in addition to said Fee Farm Rent, to the following annual charges:—

1.—A yearly quit rent of £2 8*s*. 7*d*. with 2*d*. acquittance fee.

2.—An annual instalment in Redemption of Tithe Rent Charge of £18 6*s*. 4*d*.

The lands are also subject to the Charge and Mortgage mentioned in paragraphs 9 and 11 of the conditions of sale.

DESCRIPTIVE PARTICULARS.

Drakestown is about 2½ miles from Ardee, 4 from Dunleer, and 8 from Drogheda. The land is of superior quality suitable for mixed farming, containing superior old pasture and dry sound tillage land. It is easy of access, all the fields are conveniently divided, well fenced and watered by running streams and springs. The Residence is a well-built structure of three storeys and contains Dining-room, Sitting-room, Drawing-room, six Bed-rooms, Kitchen (with closed range), Servants' room, etc.

There is an enclosed yard adjoining with Coach Houses, Horse Boxes, Hay Lofts, Dairy, Cow Houses, Implement Houses, etc., an outer yard with Foddering Sheds, Stall-feeding Sheds—all stone built, and slated; and a large Hay Barn to hold 100 tons.

There is a lime-kiln and limestone quarry on the property.



COUNTY LOUTH.

Particulars and Conditions of Sale

OF

VALUABLE FARMS

AT SMARMORE,

CO. LOUTH.

To be Sold by Public Auction

AT THE COURTHOUSE, ARDEE,

On Wednesday, the 27th day of October, 1920

AT ONE O'CLOCK,

By JAMES MOONAN, Auctioneer,

ARDEE AND DROGHEDA.

PARTICULARS.

To be Sold on behalf of the Owner, Captain George Taaffe, D.L., the following Divisions of the Townland of Smarmore, situate in the Electoral Division of Ardee, Barony of Ardee and County of Louth, with immediate possession, save of one small cottage and two dwellinghouses as hereinafter stated.

Save in respect of Lot 5, the Vendor will execute Transfers to the Purchasers of the several lots, and they will be sold subject to the Land Purchase Annuities, as stated opposite each lot.

The Vendor will execute a Fee-farm Grant to the Purchaser of Lot 5.

		A. R. P. Statute.	Land Purchase Annuity. £ s. d.
Lot 1	The Cavan	21 1 37	12 17 6
Lot 2	Big and Little Cabras	58 2 1	34 6 6
Lot 3	Kieran Field and Mullakeel	37 1 33	21 19 6
Lot 4	Big Carrigan and Building Field	49 2 0	29 0 0
			Fee-farm Rent.
Lot 5	Cowfield and Big Meadow	27 3 33	16 0 0
			Land Purchase Annuity.
Lot 6	Little Carrigin, Marrel Hole, and Upper Clintons	57 0 19	33 12 6
Lot 7	Dwellinghouse and Plot at Hog's Hill Bridge	0 1 34	0 10 0

PP00060/ Institiúid Fear San Nioclás, Dún Dealgan

San áireamh tá cluichí (billéardaí, leadóg bhoird) leabhair de chuid na hInstitiúide ina bhfuil sloinnte comhaltaí, 1914-1919 agus leabhar miontuairiscí, 1913-1923.

PP00067 Catalóg Ceant Pháirc Ghleann na bhFiach

Catalóg ceant de na sonraí maisithe agus na coinníollacha díola den eastát cónaithe ar a dtugtar Páirc Ghleann na bhFiach, a shíneann go dtí beagnach 2,000 acra reachtúil, a tairgeadh le díol an 6 Bealtaine 1920. Cuimsíonn an chatalóg grianghraif den taobh amuigh agus taobh istigh den teach mór i bPáirc Ghleann na bhFiach, faisnéis stairiúil faoin bpáirc, tuairisc ar na seomraí sa teach agus méid na dtailte atá san áireamh sa díolachán. Tá léarscáil ann freisin.

RAVENSDALE HOUSE (Front View).

RAVENSDALE HOUSE (Southern Angle).

PP00069/ Bailiúchán Roden

Baineann sé le heastát Dhún Dealgan de chuid iarlaí Roden, den chuid is mó san ochtú haois déag agus sa naoú haois déag agus a chuimsíonn léasanna go bunúsach. Mar sin féin, tá roinnt comhfhreagrais agus páipéir eastáit a théann siar go dtí tús an fhichiú haois.

PP00075/ Taifid Eaglais Phreispitéireach Dhún Dealgan agus Chairlinn

San áireamh tá rollaí comaoineach do Chairlinn, 1912-1923, do Bhaile an Ghearlánaigh, 1912-1917; ráiteas comparáideach do 1913 & 1919 ag léiriú sonraí stipinn do Chairlinn, Baile an Ghearlánaigh, agus Dún Dealgan, c.1920; leabhar miontuairiscí coiste do Dhún Dealgan, 1912-1917; comhfhreagras gnó coiste, Dún Dealgan, 1913-1914; rúin coiste, Dún Dealgan, 1914; earcú seacraisteora, Dún Dealgan, 1915-1916

PP00076/ Dundalk & Newry Steam Packet Company

Tuarascálacha innealtóra don ghaltán "Bessbrook" ina sonraítear dátaí, am na dtinte lasta, amanna seoltóireachta agus teachta, sonraí seoltóireachta long, an aimsir, stóir a tógadh i Learpholl: tonnaí guail agus ráitis, 1917-1918.

Faoi aimsir an Chéad Chogaidh Dhomhanda (1914-1918), bhí an Chuideachta ag onnmhairiú beostoic, uibheacha, im agus táirgí talmhaíochta eile agus ag iompórtáil aráin agus earraí ginearálta ó Shasana.

P/00082 Cartlanna Ilghnéitheacha Lú

Bailiúchán measctha de nithe gearrshaolta agus cartlanna eile a bhaineann le Lú; áirítear leis:

- Bille láimhe a thugann fógra faoi mhórshiúl solas tóirse chun síniú an Bhille um Rialtais Dúchais a cheiliúradh, sínithe ag baill de Léig na nÉireannach Aontaithe. Gairtear ann 'assemble in your thousands to celebrate the dawn of a new era for our country (tagaigí le chéile in bhur mílte chun tús ré nua a cheiliúradh dár dtír', 18 Meán Fómhair 1914
- Ciorclán ó TJ Clancy, rúnaí oinigh Phóilíní Lú Thuaidh, Halla an Bhaile, Dún Dealgan a fuair William Tempest, Sráid Crowe, Dún Dealgan ag tagairt don chinneadh fórsa póilíneachta sealadach a bhunú do Dhún Dealgan agus do Lú Thuaidh agus ag iarraidh síntiús ina leith, ag tabhairt ainmneacha na gcisteoirí agus tá admháil do shíntiús Tempest i gceangal, 15 Bealtaine 1922; Páipéar ceannteidil Phóilíní Lú Thuaidh le nóta ag rá 'all above taken prisoners by Provisional Government Troops on July 17 and force dissolved (ghabh Trúpaí Sealadacha an Rialtais na daoine thuas ina bpríosúnaigh ar an 17 Iúil agus díscaoileadh an fórsa).' [Iúil 1922]
- Ciorclán ina soláthraítear ainmneacha ar an gcoiste a bunaíodh d'Fhórsa Póilíneachta i mBaile Átha Fhirdhia go dtí go dtiocfaidh 'an Garda Cathartha i bhfeidhm' agus go n-iarrfaidh sé síntiús i dtreo é a chothabháil, Márta 1922
- Bileog Rothaíochta agus Spóirt Lúthchleas Bhaile an Riabhaigh, 15 Meitheamh 1913
- Ciste Bronntanais Slattery: liosta clóite síntiúsóirí, 8 Meitheamh 1921



PP00084/ Páipéir de chuid Charles MacMahon

Charles MacMahon, aturnae: páipéir dlí agus comhfhreagras ón naoú haois déag den chuid is mó, eagraithe de réir cliaint.e Cuimsíonn sé roinnt míreanna ó 1912-1923 a bhaineann le hidirbhearta talún agus le riarachán eastáit.

PP00087/ Cumann Seó Dhún Dealgan

Leabhar gearrthóg nuachtáin de chuid Chumann Seó Dhún Dealgan tógtha as nuachtán an Dundalk Democrat ag tosú i 1891 agus ag clúdach na tréimhse 1912-1923.

PP00089/ Bliantáin an Tempest

Is eolaire gnó do bhaile Dhún Dealgan iad na bliantáin agus tá faisnéis iontu faoi bhailte eile i gContae Lú agus in aice leis an gcontae. Tá a bhformhór maisithe le grianghraif d'fhoirgnimh, d'imeachtaí, de ghrúpaí agus de dhaoine aonair. Ó 1913 ar aghaidh, áirítear eolaire sráide do Dhún Dealgan sna bliantáin. Ina theannta sin tá fógraí báis, beathaisnéisí agus cuntais stairiúla luachmhara ar raon ábhar mar oideachas, tionscail áitiúla nó eagraíochtaí spóirt sna bliantáin. I measc na samplaí tá 'Origin of the Great War' (1916) agus 'Red Cross Work in County Louth 1914-1918' (1919). Tá rolla onóra i roinnt bliantán le hainmneacha agus seoltaí na bhfear a bhí ar seirbhís san arm nó sa chabhlach le linn an Dara Chogaidh Dhomhanda.

10 ADVERTISEMENTS—TEMPEST'S ANNUAL, 1920.

S. LOCKINGTON & CO. Ltd.
STEAMSHIP OWNERS,
COAL AND GENERAL MERCHANTS.
OFFICES:
DUNDALK, GREENORE, INNISKEEN,
CAVAN AND BALLINASLOE.

DUNDALK MONUMENTAL WORKS,
ESTABLISHED 1860.
PATRICK DOHERTY
Begs to announce to his patrons and the public that he is prepared to supply all orders entrusted to him connected with his business on most moderate terms. Work executed to any design on the shortest possible notice and erected in cemetery. Testimonials from many customers. A stock of Memorials to select from in any quality of stone. Special care and attention paid to Letter Cutting; Old Monuments, Tombs, Headstones, renewed the same as new; Letters re-cut, etc.; Ornamental Railings to any design supplied, Tombs renewed, Vaults opened for burial, etc. Wreaths of every description, and every variety of flowers with or without glass, enamel, metallic, Cape and Delph.
Steam Polishing, Sawing & General Stone Works—
BROUGHTON ST. (off Chapel Street), DUNDALK.
Offices and Showrooms—Market Square.
Latest and Best Variety of Wreaths in DUNDALK.

ADVERTISEMENTS—TEMPEST'S ANNUAL, 1920. 11

"Skylark" Yeast.
MANUFACTURED SOLELY BY
THE DISTILLERS COMPANY, Limited,
DUNDALK DISTILLERY.
(ESTABLISHED 1794.)
SKYLARK YEAST
EVER RISING
GUARANTEED PURE
THE DISTILLERS Co LTD DUNDALK
Over 200 PRIZE MEDALS and CHAMPION TROPHIES won by users in Open Competition.
LATEST SUCCESSES
VICTORY EXHIBITION, 1919.
Irish Association 100 Guinea Trophy
Irish Silver Challenge Shield.
Irish Silver Challenge Cup,
AND
5 FIRST PRIZES OUT OF 6

P. J. WATTERS,
Electrical Engineer and Contractor,
Automobile Engineer,
PARK STREET, DUNDALK.
MOTOR CARS, CHAR-A-BANC AND LORRIES FOR HIRE ON MODERATE TERMS. . . .
Motor Cars Promptly Repaired.
GARAGE—PARK STREET. Telephone No. 104.



Tá dhá shraith neamhiomlána ag Seirbhís Cartlainne Chontae Lú a chuimsíonn na blianta 1912, 1913, 1916, 1918-1923 (gan aon eagrán i 1922). Mar sin féin, tá foireann níos iomláine sa Rannán Tagartha Áitiúil i Leabharlann an Chontae.

PP00095/ Cláir Amharclainne, Ceolchoirme agus Taispeántais Lú

Cláir agus paimfléid do léiriúcháin éagsúla lena n-áirítear: Taispeántas mínealaíne i músaem Oriel Bazaar, Meitheamh 1913; 'In Dark and Evil Days', dráma tírghrách Éireannach le The Ardonian Players a cuireadh ar stáitse i Halla an Pharóiste, Baile Átha Fhirdhia, Márta 1918; Cárta comhaltaí oinigh Chumann Córúil Dun Dealgan ag tabhairt mionsonraí faoi cheolchoirmeacha do shíntiúsóirí, 1920-1921; clár de chuid Chumann Córúil Dhún Dealgan don Cheoldráma 'Martha' de chuid Flotow, Márta 1921



PAROCHIAL HALL, ARDEE.

ST. PATRICK'S NIGHT, 1918.

THE ARDONIAN PLAYERS IN THE PATRIOTIC IRISH DRAMA,

"In Dark and Evil Days."

DRAMATIS PERSONÆ.

Myles Byrne	(An Irish Patriot)	Mr. T. MACNELLO
Shamus Byrne	(of Byrne Castle; Myles' Father)	Mr. A. MACENTEE
Jacob Daly	(A Spy and Informer)	Mr. T. FARRELLY
Andy M'Guinness	(A Little Irish Gossoon)	Master T. O'BRIEN
General Lake	(President of the Courtmartial)	Mr. S. MALONE
Major Fitzgerald	(An English Officer)	Mr. P. ROE
Capt. Hunter Gowan	(of the Wexford Yeomanry)	Mr. P. J. POLLARD
Sergeant Brown	(of the English Army)	Mr. T. McGUINNESS
Corporal Jones	Do.	Mr. F. BRANAGAN
Private Atkins	Do.	Mr T. EAKINS
Kathleen McGrath	(A True Irish Girl)	Miss C. STOKES

SYNOPSIS.

ACT 1. SCENE Exterior of Byrne Castle, Wexford—The Arrest.
ACT 2. SCENE The English Headquarters—Sentenced to Death.
ACT 3. SCENE (1) Exterior of the Barracks—A Last Farewell.
(2) The Barrack Square—The Execution.
ACT 4. SCENE (1) Exterior of the Barracks—"He Lives!"
(2) Interior of the Barracks—The Escape
ACT 5. SCENE The Shanty on the Cliff—Little Andy's Death.
ACT 6. SCENE The Cliff by Moonlight—Retribution.
Period—1798.

FOLLOWED BY

A SHORT CONCERT PROGRAMME,

And concluding with a Laughable Sketch—

"Troublesome Servants."

DRAMATIS PERSONÆ.

Mr. Bullfrog (troubled with Gout and a very bad temper) Mr. T. FARRELLY
Barney Blake (a blundering numskull, who does everything "Right wrong" Mr. P. J. HANRATTY
Biddy Blake (his Sister, anxious to please, but can't) Miss C. STOKES

Selections by the Alagos Orchestra.

Finale - - - "St. Patrick's Day."

PP00116/ Leabhair Chuntais na bhFear Oibre

Leabhair chuntais ina sonraítear ainmneacha oibrithe, méideanna a íocadh leo agus roinnt tuairimí ar an gcineál oibre a rinneadh nó ar an gcaoi ar íocadh iad (ní léir an t-úinéir), 1912-1913

PP00117A/ Doiciméid Shaorstát na hÉireann

Bailiúchán beag doiciméad, a bhaineann go díreach le agus a gineadh le linn bhunú Shaorstát na hÉireann, 1920-1922. I measc na n-earraí inspéise tá foirmeacha dlí; foilseacháin ar rialacha na mbreithiúna; páipéir chléireach Chúirt Paróiste Dhún Dealgan, Joseph Smyth, ag taispeáint an taobh riaracháin den chóras breithiúnach; cuid bheag de chlár na dtoghthóirí do cháin do Chrois an Mhaoir; agus cárta innéacs comhdaithe a bhaineann le Patrick Trainor, ball den IRA, as Na Mullaí, Contae Mhuineacháin.

PP00117B Cuntas Stairiúil ar Chumann Córúil Dhún Dealgan

Cuntas gairid ar stair Chumann Córúil Dhún Dealgan ó bunaíodh é go luath i 1916 go dtí deireadh 1919, c.1920.

PP00118/ Páipéir de chuid Joseph Dolan



PP118/A/9/1 (1)

Paris 15th November, 1916.

Dear Joseph,

It is just about a month since you wrote your letter, and I hope you will excuse the delay in answering. You will understand that we have little time for correspondence, so that when I do get a free moment at the office I take advantage of it to get off letters.

We were delighted to hear about dear May, and I have written to her, I am sure she well deserves everything good and I am sure all the nuns are sincerely glad for her.

Since last I wrote there have been changes for the better on the Front. You will have been the splendid attack of the French at Verdun, and how they have sent back the Boches in four hours over ground which they (the boches) took as many months to gain, and at great loss. Verdun now takes a secondary place almost in the minds of the French, and no one fears any longer for the City, although it is in a very sad state, I read a letter from our of our Travellers here, who is in the ravitaillement des Canons, and he said that he had passed through Verdun lately and there was not a house which had not suffered.....He also spoke of the tremendous stocks of ammunition which we had accumulated, and the enormous number of Cannons both large and small which the Allies possessed.....

These last two days there has been very good news from the Somme, where the British have made a good advance. Unfortunately, everyone is now reconciled to a Winter campaign, though if the "Push" continues steadily as it is going at present, we may expect great things by the Spring.

You ask me about conditions in Paris. Well things have advanced enormously in price, and every day sees a new rise, first on one thing and then on another. Just now every one is worried, as we are threatened with lack of coal on account of transport difficulties, and incidentally lack of gas. Altogether these last few days have been rather worrying. First of all, on Sunday a bad fire broke out in one of the electric stations, with the result that half Paris was plunged in darkness, and everyone went rushing round trying to get candles

Bailiúchán measctha agus páirteach de chomhfhreagras le agus ó fhear gnó Bhaile Átha Fhirdhia, Joseph Dolan, a bhaineann lena theaghlach, a ghnó grósaera agus crua-earraí, agus na gníomhaíochtaí éagsúla a raibh baint aige leo, 1901-1933 den chuid is mó, mar shampla Conradh na Gaeilge, caomhnú na Gaeilge (baineann ceithre mhír le Coláiste Bhrighde in Ó Méith), Cumann Seandálaíochta Chontae Lú, agus an pholaitíocht. Tá go leor tagairtí ann do náisiúnachas na hÉireann, don staid pholaitiúil in Éirinn, don chríochdheighilt, don choinscríobh, don fhoréigean agus do Chogadh na Saoirse. I measc cuid de na comhfhreagraithe tá Horace Plunkett,

an tAthair Augustine (Mainistir Phroinsiasach na gCaipisíneach, Baile Átha Cliath), Philip MacMahon, John Dillon, TF McGahon, an tEaspag Daniel Cohalan, Thomas Callan Macardle, Edward Carson agus Michael Collins. Scríobhann Michael McGrath as Sr. Halla an Lín, Baile Átha Cliath chuig Dolan ag tabhairt cuntas finné súil ar an bhfulaingt agus an léirscrios le linn Éirí Amach 1916; agus scríobhann Tessie a bhí ag obair in oifig The Times i bPáras i 1916-1917 nuacht a bhaineann leis an bhFronta agus srianta maireachtála i bPáras. Tá méid beag ábhar ann atá bainteach le reiligiún, baint Dolan le Scoil Éanna Phádraig Mhic Phiarais (1908-1912), Naomh Uinseann de Pól, Cumann Altranais Dúiche Bhaile Átha Fhirdhia agus Bhaile an Ghearlánaigh, Foraoiseoirí Náisiúnta na hÉireann, ceannach Pháirc Ó Méith, agus an Summer Time Act, 1916.


DOUGLAS PLACE,
DUNDALK.
6th July. 1916

Dear Mr Dolan
At last I have got out Harry's (and yours) Guide to Dundalk – He left word to send you half a dozen complimentary copies – and more should you wish them – so let me know; and will you tell your carrier to call for the parcel – They are ready.
Harry is soldiering drilling in Mansfield, Nottinghamshire in a camp where there are 20000 men. As you know, he is in the Engineers; and is ordered to go

PP00120/ Páipéir Mhúsaem Dhún Dealgan

Is éard atá sa bhailiúchán seo ábhar a bhaineann le ballraíocht i gCumann Seandálaíochta Chontae Lú, 1912-1921; ceannach, athchóiriú agus dó mhúsaem Dhún Dealgan a ndearna an t-arm damáiste dó agus a d'áitigh siad le linn an chogaidh chathartha, 1910, 1919-1923; eagrú glór-réim Dhún Dealgan, 1912; airgeadas, 1912-1920; taispeáintí músaeim, 1914, 1918; árachas, 1916; agus fostú airíoch, 1916.

PP00127/ Cártaí poist de Chontae Lú

Bailiúchán beag de chártaí poist dubh agus bán foilsithe ag William Tempest, Dún Dealgan (1859-1918) ag taispeáint radhairc agus foirgneamh i nDún Dealgan den chuid is mó, ach i gcúpla áit eile freisin, c.1912-1918.

PP00135/ Albam Grianghraf an Chaptaein William Doran

Albam grianghraf teaghlaigh de chuid William Doran, Cathaoirleach Chomhairle Contae Lú 1913-1918 a bhí ar fianas le Fiúsailéirí Ríoga Bhaile Átha Cliath 9 sa Chogadh Mór, 1915-1923

PP00138/ Páipéir de chuid roinnt sagart de Chontae Lú

Bailiúchán comhfhreagrais idir sagairt agus doiciméid ghaolmhara eile. I measc na n-ábhar spéise don tréimhse 1912-1923 tá aistriú an Athar Harmon ó pharóiste Bhaile an Riabhaigh, Baile Átha Fhirdhia go Dún Geanainn, Co Thír Eoghain agus socrú i gcás maíomh i gcoinne eastáit i nDún Geanainn a raibh baint ag an Athair Harmon leis; litreacha chuig an gCanónach Urramach Patrick Lyons maidir le reáchtáil pharóiste Bhaile Átha Fhirdhia lena n-áirítear an fhéidearthacht go

mbogfar an áit chónaithe mar gheall ar ráig tinnis i mBaile Átha Fhirdhia. Leabhar cuntas freisin ó 1919 do bhailiúchán an choimeádaí i mBaile Átha Fhirdhia ina bhfuil ainmneacha síntiúsóirí agus a ngairm nó a seoladh agus a méid curtha leo.

PP00140/ Mr Joseph Fitzsimons, Dún Binne, Dún Dealgan: Páipéir Dlí agus Airgeadais

Baineann siad go páirteach le gabháltas talún ag Dún Binne a bhí roimhe seo mar chuid d'eastát Balfour ach a cheannaigh an tionónta ó Choimisiún na hÉireann faoin Irish Land Act, 1903. Dátaíonn sé go 1847 ach tá cóip-uachtanna agus admhálacha ann ó 1912-1923.

PP00145/ Páipéir Dlí Callan V Gray

Mionteagasc don abhcóide thar ceann R&G Gray, cosantóirí, ar achomharc a éisteacht sa chás gur thiomáin siad inneall gaile agus vaigín agus gur bhuail siad faoi chapaillín agus trap de chuid John Callan, gearánaí, 1914-1915, agus go ndearna siad damáiste agus gortú dóibh.

PP00150/ Doiciméid maidir le Séipéil Bhaile Átha Fhirdhia

Clár na mBéilí, 1918-1919 (faoin New Public Meals Order, 1918)

PP00153 Grianghraf de William Doran

Grianghraf den Chaptaen William Doran, Cathaoirleach Chomhairle Contae Lú, in éide saighdiúra, c.1914-1918.

PP00160/ Dublin and the "Sinn Féin Rising"

Leabhrán cuimhneacháin ar 'Dublin and the "Sinn Fein Rising", a d'fhoilsigh Wilson Hartnell & Co, Dublin, 1916. Tá cuntas ann ar an Éirí Amach lena n-áirítear léarscáil de chathair Bhaile Átha Cliath a thaispeánann na príomhphointí le linn an Éirí Amach, cóip mhacasamhla den Irish War News a eisíodh ó Ardoifig an Phoist le linn an Éirí Amach, grianghraif de Bhaile Átha Cliath i ndiaidh an Éirí Amach, cuntas ar roinnt ceannairí den Éirí Amach, portráidí, íomhánna de dhoiciméid lena n-áirítear iarsmaí Forógra agus iarsmaí de na hÓglaigh, agus fógraí.

Ba é an Irish War News an nuachtán a d'eisigh fórsaí Poblachtacha an 25 Aibreán 1916. Ar an leathanach cúil tá an nuacht stairiúil 'Stop Press' ag fógairt go bhfuil Poblacht na hÉireann dearbhaithe, a scríobh Pádraig Mac Piarais fad a bhí an tÉirí Amach ar siúl. Luann sé an seachtar ball, tugann sé an scéala is déanaí ar an troid agus áitíonn sé ar shaoránaigh na hÉireann tacú leis an éirí amach.

PP00166/ Muintir Tempest agus an Dundalgan Press

Foinse luachmhar dóibh siúd atá ag déanamh taighde ar cheird na clódóireachta agus na foilsitheoireachta i nDún Dealgan nó ar stair agus seandálaíocht Chontae Lú. Tá cuntais ar an Dundalgan Press ann; líon mór comhfhreagrais le húdair a thugann léargas ar phróiseas cheird na foilsitheoireachta leabhar go luath san 20ú haois; comhfhreagras a bhaineann

le fiosrúcháin ar ábhair stairiúla, ábhair atá le foilsiú in Iris Chumann Seandálaíochta Lú, ábhar seandálaíochta a chur faoi bhráid an Ard-Mhúsaem agus roinnt comhfhreagrais phearsanta teaghlaigh. Ina theannta tá barántas coimisiúin sealadach de chuid William Caxton Tempest san Royal Air Force mar Leifteanant i 1918; litir a seoladh chuig Joseph Dolan as Baile Átha Fhirdhia ón nGinearál Richard Mulcahy, Oifig an Chinn Foirne Ginearálta, Baile Átha Cliath maidir le Frank Aiken agus neamhrialaithe frithchonartha, 26 Lúnasa 1922.



Óglaiġ na h-Éireann.

Uimh mo ċagra.	A. 6032.
Uimh do ċagra.	

Dein an uimir seo agamsa do luaḋ ag sgrí ḋuit.

Oifig: Chief of the General Staff,
Bearraic Portobello,
Baile Áta Cliat, 26th. August, 1922.19

To:
Joseph Dolan, Esq.,
Ardee.

A Chara,

I got your letter of 18th. August and only the tragic distractions since have prevented me replying to it.

